Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Do ṫárla taisme ṫubáisteaċ dó Riobard Taylor Carson, A.R.U.A., an péintéir cáiliúil, ar leis an 'Beach Hotel' anseo, nuair a buaileaḋ a ġluaisteán faoi leoraí a raiḃ lód torṫa á iompar leis. Ṫáinig an droċ-uair ar an dá ṫiománaí ṫuas ag an ċros-ḃóṫar, a dtugtar an Cup-and-Saucer air, in aice le Raṫ Mealtáin. Tráṫnóna Dé hAoine a ṫárla an teagṁáil agus ní ṫáinig an Carsonaċ nó buaċaill-preas-tála an leoraí ċucu féin go h-iarnóin lá arna ṁáraċ. Saiteaḋ cloigeann an ḃuaċalla tríd an ġloine-gaoiṫe agus deirtear naċ dtiocfaḋ an Carsonaċ saor as an gá na contúirte aċ ab é go raiḃ crios-sábála á ċaiteaṁ aige. In ospidéal an ċeantar i Leitirċeanainn atá an ḃeirt oṫar — ṫáinig tiománaí an leoraí amaċ as an iomḃualaḋ go measarṫa slán, deirtear.

Maidin Dé Doṁnaig i gCarraig Airt ṫáinig dá ġluaisteán in éadán a ċéile — ceann acu le Miċeál Ó Cadla as an mBaile-ṁór agus ba le Proinsí Mac Aoḋa, as Tóin a' Loċa, an Tulaċ, an carr eile. Go h-áḋúil, níor gortaíoḋ ceaċtar den dá ṫiománaí.

Tá Máire Bean Ṡéamais de Baoise, riarṫóir-deoċlainne in Óstán Ċarraig Airt, tá sí insan ospidéal i Leitirceanainn ó Ḋiardaoin s' ċuaiġ ṫart, de toraḋ taom tobann tinnis a ṫáinig uirṫi — aċ tuigtear go ḃfuil biseaċ ag teaċt uirṫi de réir a ċéile.

Tarraingeaḋ anuas an coṁarṫa-bealaiġ don Rosapenna Golf Hotel a ḃíoḋ ina ṡeasaṁ ag cros-ḃóṫair an Oileán Rua ar an tseaċtain s' ċuaiġ ṫart, agus ní ḟactas ó ṡin é.

Tá Ned Den Antoin Ó Gallċoḃair, as na Dúine, agus a ḃean-ċéile, Áine Denis, O.S., agus a gceaṫrar clainne indiaiḋ aṫraċ-cónaiṫe a ḋéanaṁ siar go Lorg na Saoraċ, in aice le hArd a' Ráṫa, an áit a ḃfuil post faiġte aici-san mar ṗríoṁoide insan scoil inar foġlamaḋ Róis Nic Giolla (naċ maireann) an fó-ṁáistreas i Scoil Ḋoire 'Ċlassen ar feaḋ na mbliantaċ.

Ḃí tórraṁ mór dáiríre i dTeaċ Pobail Naoṁ Eoin Baiste i gCarraig Airt Dé hAoine s' ċuaiġ ṫart, nuair a cuireaḋ corp Aoiḋ Uí Ġallċoḃair, fear a' ḃainne, a fuair bás in ospidéal i Londain Dé Máirt. Tá coṁḃrón na paróiste á dtaḃairt do n-a ṁáṫair, Gráinne (deirfiúr de Den Antoin as Gort Mór) agus don ḃaintreaċ, Eiḃlín (née Dennison) agus dá cuid dilleaċtaí: Aḋaṁnán (mac); Máire, Linda agus Terí (iníonaċa); Seosaṁ, O.S., Gort na Bráḋ; Séarlaí i Sasana; Antón i mBaile na nGallóglaċ; Dónall i Meiriceá, agus Séamas i mBaile Áṫa Cliaṫ (dearṫáireaċa); Máire Bean Ṁiċíl Uí Ċolla, i gCarraig; Nellí Bean Ṁanuis Ṁic Giolla Ḃríde, i bhFánaid, agus Áine Bean An Ṗaoraig, i Londain (deirfiúraċa); Donall, Maindí, Séamas, Pádraig, Aoḋ Ó Gallċoḃair, i gCarraig Airt, Máire E. Bean Uí Loinsiġ, i Londain, agus bun Den Antoin Uí Ġallċoḃair, i nGorta Mór (colanna-ceaṫrar), agus a lán eile tríd Ros Goill.

Iorras

Coṁġairdeas le Bairbre Nic Giolla Ruaiḋe, iníon do Ṁiċeál Mac Giolla Ruaiḋe, Co.C., agus Bean Ṁic Giolla Ruaiḋe, Poll a' gCapall, atá taréis post a ġlacaḋ le golf Ċumann Bóṫar na Trá, Gaillimh. Roiṁe sin, ḃí sí ag obair i dTeaċ Tabairne Ṁic Doṁnaill i mBéal an Ṁuirṫid, áit a raiḃ árdmeas uirṫi. Ḃí sí ina ball do Ċumann Leadóg Cleite Béal an Ṁuirṫid. Iar-scolaire í do Ṁeánscoil Ċloċar na Trócaire, Béal an Ṁuirṫid.

Tá Áine Ní Ruaḋáin, iníon do Bean Uí Ruaḋáin agus Antoine Ó Ruaḋáin, naċ maireann, Cuan Eile, Cloċar, taréis imeaċt go Londain. Ḃí sí ar an ḃfoireann insan ṁonarca breágán i gCuan Eile, roiṁ imeaċt dí.

Ḃí an ċéad ċruinniú ariaṁ de Coṁ n-Aiḋm Cumann Iascairí Farraige Ċonaċt i mBéal an Ṁuirṫid, ag an Seafield Guesthouse, áit ar soláṫraíoḋ béile an taitneaṁaċ do na Teaċtaí taréis an ċruinniṫe. An tUasal Ó Braonáin, Caṫair na Mart, a ḃí i gceannas ar an ċruinniú. Taréis an ċruinniṫe, ṗlé na Teaċtaí ċuile ġné do ċúrsaí slat-iascaireaċt farraige le Cumann Béal an Ṁuirṫid. Ḃí Miċeál Neḃerán, Oifigeaċ Réagúnaċ Turasóireaċta don Taoḃ Ṫiar i láṫair agus deir sé go ḃfuil pleananna móra aige le ceantar Iorras a ḟorḃairt.

Tá trí foirne istiġ ag Cumann Peile Béal an Ṁuirṫid do coṁórtaisí Co. Ṁuiġeo i mbliana—idir-ṁeánaċ, sóisear agus mionúr.

Tá Seosaiṁín Ní Ċaṫáin, iníon is óige de Bean Uí Ċaṫáin, Duḃ Ṫuama, indiaiḋ filleaḋ ar Nua Eabraċ, taréis saoire do ċaiteaṁ sa baile.

Rug bó le Seaic Ó hEireaċtaiġ Tiorán, Cloċar, trí gaṁain baineanna. Fuair ceann acu bás i gcionn dá lá, aċ tá an dá ċeann eile go maiṫ.

Cáineaḋ Miċeál Mac an Rí, Bárr na Coilleaḋ, Poll a' tSomais, £50 as úsáid a ḃaint as róṫar gan solus, ar an 9ú lá do ṁí na Nollag. Cáineaḋ S. Timlin, Poll a' tSomais, 35s. as úsáid a ḃaint as cárr naċ raiḃ aċ solus tosaí aṁáin air, agus naċ raiḃ pláta uiṁreaċ ar biṫ ar cúl. Cáineaḋ Antoine Ó Conḃuí, Fód Duḃ, Béal an Ṁuirṫid, 15s. as gan solus a ḃeiṫ ar a róṫar i mí na Nollag seo caite. Cáineaḋ Miċeál Ó Mianaċáin, as Eaċléim, Fód Duḃ, £2 as a ḃeiṫ ar meisce agus aċrannaċ ag Eaċléim i mí Feaḃra.

Cáineaḋ Mr. Ṡioḃláin, Tollaċán Bán, Gaoṫ Sáile, £20 as gan áraċas a ḃeiṫ aige, ar gluaisteán agus £1 eile as gan ceadúnas tiomána a ḃeiṫ aige. Dúirt an Gárda Mac Saṁrain gur ḋúirt an cosantóir leis, nuair a stop sé é go dtaispeánaḋ sé an ceadúnas tiomána agus an t-áraċas dó ag Stáisiún na nGárdaí, aċ ní ḋéarna sé é. "Ḃí sé ag iarraiḋ dallaḋ-mullóg a ċur ort," arsa an Giúistís.

Cáineaḋ Pádraic Mac Doṁnaill, Sráid na Bearraice, Béal an Ṁuirṫid, £6 as úsáid a ḃaint as cárr gan ċáin, ag Beannċor Iorras i mí na Nollag.

Ar an Méir Fada

Ní minic a glaoċaḋ amaċ ar an briogáid toiteáin sa tsráidḃaile seo, aċ oíċe aṁáin ṫáinig an glaoċ ċuca agus ḃí an fear cosúil. Ar áit na mbonn arsa duine na ḟir leis an ceannaire—ceannais beagán trí-na-ċéile. Scioból mór a ċuaiġ ar ṫine is "An ligfimíd amaċ an t-uisce anois?" "Fan go fóill," arsa mo ḋuine, "lig don scioból dóiġeaḋ leis tamall eile, agus ansin béiḋ solás go leor againn le feiceáil caidé tá le déanaṁ!"

Ciáro Radio

FRIDAY — 5.01, Children At The Microphone. 5.30, The Good Man. 5.55, Weather Forecast. 6.00 The Angelus. 6.01, Nuacht. 6.20, Announcements. 6.25, Focal On Dochtuir. 6.30, News. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Light Music Week. 8.01, Nioclas Toibin (ballads). 8.15 Melody From Munster. 8.45, Ildanacht Airt Ui Ghriofa. 9.01, Symphony Concert. 10.00, Nuacht 10.15, News. 10.30, Around The Town. 11.30, News Summary.

SATURDAY — 4.00, Racing — Wills' Gold Flake Stakes. 5.01 Piano Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint An tSathairn. 6.20, Announcements 6.30, News. 6.45, Who's News. 7.15, A Piper's Choice. 7.45, Suil Siar. 8.01, Dear Sir Or Madam. 8.30, Not So Green. 9.01, The R-E-L-O Show. 9.45, Dick Haymes Sings. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Ceili House. 11.00, Light Music, American Style. 11.30, News Summary.

SUNDAY — 10.30, High Mass. 11.15, Signpost. 12.30, Design For The Future. 1.00, Not So Green. 1.30, News. 1.35, Provincial News Round-Up. 2,45. Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, G.A.A. National Hurling League Semi-Final. 4.50, (approx.) Ceol Do Phaisti. 5.30, Down The Country. 5.55, Weather Forecast. 6.00. The Angelus. 6 01, Nuacht Anall, Nuacht Abhus. 6.25, Appeal. 6.30, News. 6.40, Sports Time. 7.10 An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.00, The Children's Judge 9.20, Fantasy On Russian Themes. 9.30, Public And Private Faces. 10.00, Newspoint. 10.20, News. 10.35, Music Of The Nation. 11.05, Recital. 11.35, News Summary.

MONDAY — 5.01, Out Of Doors 5.15, Around The World On Records. 5.30, The Good Man. 5.55 Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint An Luain. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests From The Irish Troops Overseas. 7.30, What Are They Talking About?. 8.01, Survey. 8.30, Fiction Round The World 8.45, Modern Anthology. 9.01 Aeriris. 9.30, Field And Farmhouse 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30 Late, But Light. 10.45, City Newsreel. 11.30, News Summary.

TUESDAY — 5.01, Ceol Rince. 5.15, Detective Inspector Tammy Troot. 5.30, Ar Fud Na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Mairte. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, A Job Of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Trostan Singers. 8.01, Riverside Serenade. 8.30, Beirt Na Bodhaire Breige. 9.01, Symphony Concert. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Today In The Dail. 10.45, Requests From Overseas. 11.30, News Summary.

WEDNESDAY — 5.01, Huffle And Bodge. 5.15, Finnegan Picks The Music. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Ceadaoine. 6.20 Announcements 6.30, News. 6.45, Merry-Go-Round. 7.30, Favourite Records Of Famous People. 8.01, Round Table On World Affairs. 8.30, Farmers' Forum. 9.01, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Today In The Dail. 10.45, Came The Dawn. 11.00, Pop Call. 11.30, News Summary. 11.33, Pop Call. 12.00, Late Sports Results.

THURSDAY — 5.01, An Dareag Driothar. 5.15, The Choir Of The Marist Boys School, Sligo. 5.30, The Hanging Judge. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's The Doctor. 6.30, News. 6.45, What Are They Talking About? 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, A Bank Clerk For Betty 8.01, The Music Of Duke Ellington. 8.30, Between Ourselves. 9.01, A Blind Missionary In Africa. 9.15, Masters And Moderns. 9.45, Greyhound Racing. 10.00, Nuacht. 10.15 News. 10.30, Today In The Dail. 10.45, Recital. 11.30, News Summary.

Sin Ceist

"An aingeal tusa a Ḋeáide?" arsan gasúr óg. "Ḃal, a ṫáiscí," arsan t-aṫair leis, ní h-ea maise—go deaċt ar aon nós, aċ cé'n fáṫ ar ċuir tú an ċeist?" "Ċuala mé Mamaí ag rá go ngearrfaḋ sí do ċuid eiteóga!"

Doċtúir: An mbíonn tú céasta ariaṁ le tart millteaċ?

Oṫar (le srón dearg) — Ní ḃíonn maise. Ní ligiḃ dó dul ċoṁ fada sin!

Focal Mór— Droċ Ċur Leis

Ṫosaiġ an fiaclóir ag inse fá'n oṫar a ba ċróḋa ar a liosta. "Ṫáinig sé isteaċ ċugam agus dúirt liom naċ raiḃ muinín ar biṫ aige i ngeas, eitér nó cócaon. 'Tá'n ḟiacal trioblóideaċ go maiṫ le tamall' ars' seisean, 'agus anois níl agat le déanaṁ aċ é ṫarraingt amaċ glan díreaċ.' Rinne mé féin coṁġáirdeas leis a ḃeiṫ ċoṁ cróḋa, misniúl sin, agus d'iarr air suí síos sa ċaṫaoir. 'Ó, ní hea,' arsa seisean, 'ní domsa tá's agat aċ do mo ḃean-ċéile! Tá sí amuiġ sa partlus feiṫim!'

Taḃaċt na Drámaíoċta san Aiṫḃeoċaint

Tuairimí Taḃaċta ón Aṫair de Paor

Tá cuid ṁór deáṫola le feiscint fá ċoinne drámaí Gaeilge, go háiṫrid imeasc léiriṫe drámaí amaitéireaċa. Ba ċeart úsáid a ḃaint as an deáṫoil seo agus misneaċ agus spreaḋ a ṫaḃairt do ġrúpaí mar seo, dráma aṁáin ar a laġad i nGaeilge a léiriú gaċ bliain — adúirt an tAṫair de Paor, agus é ag oscailt an 7ú Féile Drámaíoċta ag an Rinn.

Ag labairt faoi ionad na ndrámaí in aṫḃeoċaint na Gaeilge, dúirt an tAṫair de Paor má ḃí an Aṁarclann le ḃeiṫ éifeaċtaċ san aṫḃeoċaint, go gcaiṫfí féaċaint ċuige láiṫreaċ go mbeaḋ Aṁarclann gairmiúil Gaeilge ar fáil, a dtiocfaiḋ le foirne uaṫa taisteál go dtí ionaid cúigí, go h-aiṫrid ins na ceantair Gaeltaċta, agus clár de ḋrámaí maiṫe le léiriú acu. Ḃí cliú tuillte ag an Taiḃḋearc agus Gael-Linn, as drámaí nua a ṡoláṫar aċ ba ḃeag an spreagaḋ a ḃí ann do scríḃneoir drámaí a scríoḃaḋ i nGaeilge, muna mbeaḋ seans réasúnta aige go léireófaí a ḋrámaí.

Ba ḃeag a ḃí déanta ag Telefís Éireann, adúirt sé, le drámaí i nGaeilge a ċur ċun cinn, nuair nár léiriġ siad aċ aon dráma lán-ḟad aṁáin ins na trí bliana atá an telefís ann. Níor ṫaispeáin siad mórán spéis i ngluaiseaċt drámaí Gaeilge, agus ḃí siad ag déanaṁ áḃar maoiḋte as an beagán a ḃí siad a ḋéanaṁ.

Aċ ḃí Radio Éireann rud beag níos fearr de ṫairḃe na drámaíoċta de. Ba deas an léiriú a ṫug foireann Dún Garḃáin ar "Nuair a d'aḋnamar an Gleo" agus "Cá ḃfuil an Glóir?"

Léiriġ Aisteoirí Cluain "Oiḋreaċt." Sé Maiṫiú Ó Maṫúna, as Dún Garḃáin, an moltóir.

Acaill

Ḃí fáilte an ṁór roiṁ an Aṫair Seán Mac Loċlainn, nuair a ṫug sé cuairt ar Acaill, ag an Ċáisc. As na Sraiṫíní é. Rinneaḋ Sagart de, le déanaí in Ard Eaglais Naoṁ Ṁuire, i nDún Aodáin. Is mac é le Seán Mac Loċlainn, agus Bean Ṁic Loċlainn, Mount Carmel, Acaill, ⁊ ḃí sé ina sár-imireoir peil ar an oileán. D'imir sé peil le foireann Aċla trá, agus ḃí go leor dá ċoṁ-imireoirí ar an ḃfoireann amuiġ ċun failtiú roiṁ Saṫarn na Cásca. An Saṫarn céanna sin, ḃí an tAṫair Seán ag feiḋmniú ag na deáḃóid i Séipéal Aċla agus ṫug sé a ḃeannaċt don pobal taréis an Aifreann deireannaiġ ar an Doṁnaċ.

Léiġ Amáraċ

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheannaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMÁRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMÁRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ……………………………

Seoladh ……………………………

Sintiús …………… istigh do cóip de AMÁRACH

ó …………… go ……………